Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10146/19**

**COHOM 75**
**COPS 184**
**DEVGEN 120**
**FREMP 84**
**CFSP/PESC 466**
**RELEX 598**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9786/19 COHOM 65 COPS 169 DEVGEN 113 FREMP 76 CFSP/PESC 430 RELEX 560 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht, a ghlac an Chomhairle ag an 3700ú cruinniú a bhí aici ar an 17 Meitheamh 2019.

## Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais do chuspóir agus do phrionsabail Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a bhaineann le gach aon duine daonna gan idirdhealú d'aon chineál, mar aon lena thiomantas do chur chun cinn agus do chosaint chearta uile an duine, bíodh cearta sibhialta agus polaitiúla, nó cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i gceist.

2. Meabhraíonn an Chomhairle, agus í ag tabhairt ar aird go bhfuil cearta uile an duine uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar, meabhraíonn sí Airteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR) a thugann teideal do gach duine caighdeán leormhaith maireachtála a bheith acu, agus go n-aithníonn Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe cearta sin an duine chun uisce óil sábháilte agus chun sláintíochta. Meabhraíonn an Chomhairle freisin an gealltanas i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe "gan aon duine a fhágáil ar leataobh" agus go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 "Rochtain agus bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar an tsláintíocht á áirithiú do gach duine".

3. Is freagairt iad na treoirlínte seo ar an ngealltanas a tugadh i bPlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2015-2019) clár oibre cuimsitheach a chothú chun Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (CESC) a chur chun cinn. Céim thábhachtach atá sna treoirlínte seo i dtaobh beart a dhéanamh i dtaca leis an gclár oibre sin trí chur i ngníomh comhleanúnach chearta an duine chun uisce óil sábháilte agus chun sláintíochta a áirithiú do chách.

4. Meabhraíonn an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le Dobharthaidhleoireacht a glacadh ar an 19 Samhain 2018, ina n-aithnítear go bhfuil de cheart ag an uile dhuine – i ngeall ar cheart an duine uisce óil sábháilte a bheith le fáil aige – rochtain gan idirdhealú a bheith aige ar an uisce chun úsáide pearsanta agus chun úsáide tí, agus an t-uisce sin a bheith leordhóthanach, sábháilte, inghlactha, inrochtana go fisiciúil agus inacmhainne agus go bhfuil de cheart ag an uile dhuine – i ngeall ar cheart an duine chun sláintíochta – rochtain fhisiciúil inacmhainne gan idirdhealú a bheith le fáil aige ar shláintíocht i ngach réimse den saol, agus sin a bheith sábháilte, sláinteach, slán, inghlactha go sóisialta agus go cultúrtha, agus príobháideachas agus dínit a bheith ag gabháil léi. Mar chuid den ghealltanas sin, tugann an tAontas gona Bhallstáit tacaíocht agus cosaint do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine i ndáil leis an gcomhshaol, atá ag troid ar mhaithe leis na cearta sin a fhíorú.

5. Athdhearbhaíonn na Treoirlínte seo tiomantas an Aontais don chomhionannas inscne i ngníomhaíocht, obair agus beartais ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí Phlean Gníomhaíochta Inscne an Aontais a chur chun feidhme go comhsheasmhach, le háirithiú go gcomhlíonfar cearta agus riachtanais ban agus cailíní. Tacaíonn na Treoirlínte seo freisin le Cur Chuige Ceartabhunaithe (CCCB) an Aontais Eorpaigh, go hairithe trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá acu siúd atá sna cásanna is leochailí.

6. Leis seo, formheasann an Chomhairle na Treoirlínte maidir le hUisce Óil Sábháilte agus leis an tSláintíocht. Tugann na Treoirlínte treoir maidir leis an mbealach le réimse leathan ionstraimí agus uirlisí bheartas eachtrach an Aontais a úsáid chun cearta an duine chun uisce óil sábháilte agus chun sláintíochta a chur chun cinn agus a chosaint. Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit na Treoirlínte a oibríochtú go héifeachtach i gcomhpháirt. Scaipfear na Treoirlínte go forleathan ar bhealach inrochtana. Tacóidh an Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) leis an gcur chun feidhme agus cuirfidh sí meithleacha eile de chuid na Comhairle san áireamh, nuair is iomchuí.